



An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

13617/26
PV CONS 51
COMPET 1127
IND 582
MI 946
RECH 385
ESPACE 146
PARLNAT

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás))

24 Meán Fómhair 2026

1. Glacadh an chláir oibre

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 13104/26.

Gníomhaíochtaí neamhrechtacha

2. Athbhreithniú ar na treoirlínte um rialú cumasc 12886/26
Seisiún tuairimíochta

3. Formheas na míreanna ‘A’

- (a) Liosta neamhrechtach 13147/26

Ghlac an Chomhairle gach mír ‘A’ a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tiolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san aguisín.

- (b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir 13148/26
le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

Gnóthaí Eachtracha

1. Rialachán maidir le bearta um léirscaoileadh trádála sealadach is infheidhme i dtaca le táirgí de chuid na hAirméine 13136/26 + ADD 1
Glacadh an ghnímh reachtaigh PE-CONS 61/26
Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine POLCOM
dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótocal 1 maidir le ról COEST
na bparlaimintí náisiúnta san Aontas
a d’fhormheas Coreper, Cuid 2, an 23.9.2026

D’fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 207(2) CFAE). Chinn an Chomhairle freisin maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótocal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas. Leagtar amach ráiteas ón Ungáir a ghabhann leis an mír sin san aguisín.

Plé reachtach

(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

4. **Rialachán maidir leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna 2.0**  12887/26
Díospóireacht bheartais

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle.

Aon ghnó eile

5. (a) **Iarraidh ar chreat um chabhair *de minimis* níos freagrúla de chuid an Aontais**  13357/1/26 REV 1
Faisnéis ón mBulgáir agus ón Laitvia

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bhulgáir agus an Laitvia ar fáil.

- (b) **Sainmhíniú ar Ghnóthais atá i gCruachás san athbhreithniú ar an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine**  13433/26
Faisnéis ón mBeilg, ó Phoblacht na Seice, ón nGearmáin, ón bhFrainc, ón Iodáil, ón Laitvia, ó Lucsamburg, ón Ísiltír, ón Ostair, ón bPolainn agus ón tSlóvaic

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bheilg, Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Laitvia, Lucsamburg, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn agus an tSlóvaic ar fáil.

- (c) **Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** 

- (i) **Rialachán maidir le creat beart a bhunú chun dlús a chur le hacmhainneacht thionsclaíoch agus dícharbónú in earnálacha straitéiseacha (Gníomh um Dhlús a Chur leis an Tionsclaíocht)** 7009/26 + ADD 1

- (ii) **Rialachán maidir leis an 28ú córas i gcomhair dhlí na gcuideachtaí (EU Inc.)** 7498/26 + ADD 1

- (iii) **Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas** 11770/1/25 REV 1
Faisnéis ón Uachtaránacht

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(d) Tionscadail Straitéiseacha faoin nGníomh um Amhábhair Chríiciúla 13247/26
Faisnéis ón gCoimisiún

(e) **Athbhreithniú ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais ó thaobh an iomaíochais de** 13467/26
Faisnéis ó Phoblacht na Seice, ón Ungáir, ón Ostair, ón bPolainn agus ón tSlóvaic

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir Poblacht na Seice, an Ungáir, an Ostair, an Pholainn agus an tSlóvaic ar fáil.

(f) **I dtreo Plean Gníomhaíochta Eorpach d'Earnáil na bhFearas Tí** 13246/1/26 REV 1
Faisnéis ón nGearmáin, ón Spáinn, ón bhFrainc, ón Iodáil, ón bPolainn agus ón tSlóvaic

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Pholainn agus an tSlóvaic ar fáil.

(g) **Cruinniú den chomhghuaillíocht aireachta le haghaidh tionscail dianfhuinnimh** 13250/26
Faisnéis ón nGearmáin

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin ar fáil.

(h) **Tacú leis na príomh-mholtaí arna n-eisiúint ag Comhghuaillíocht Ceimiceán Criticiúil an Aontais a chur chun feidhme go pras** 13273/1/26 REV 1
Faisnéis ó Phoblacht na Seice, ón Spáinn, ón bhFrainc, ón Iodáil, ón Ungáir, ón Ísiltír, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSlóivéin agus ón tSlóvaic

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir Poblacht na Seice, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Ungáir, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic ar fáil.

- (i) **Freagracht leathnaithe táirgeora faoin Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh mar bhacainn ar iomaíochas thionscail na hEorpa** [2] 13418/1/26 REV 1
Faisnéis ó Phoblacht na Seice, ón Ungáir, ón bPolainn agus ón tSlóvaic

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chur Poblacht na Seice, an Ungáir, an Pholainn agus an tSlóvaic ar fáil.

- (j) **An Rialachán Eorpach maidir le Táirgí atá ar na bacáin** [2] 13201/1/26 REV 1
Faisnéis ón mBeilg, ón bhFrainc, ón Ísiltír agus ón bPolainn

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bheilg, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Pholainn ar fáil.

- (k) **Tionchar an Rialacháin maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (PPWR) ar an Margadh Aonair** [2] 13449/26
Faisnéis ón bPolainn

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Pholainn ar fáil.

-
- 1** An chéad léamh
- 2** Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)
- C** Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún
-

Ráitis a ghabhann leis an mír reachtach ‘a’ a leagtar amach in 13148/26

**Maidir le mír 1 ar
liosta na míreanna
‘A’:**

Rialachán maidir le bearta um léirscaoileadh trádála sealadach is infheidhme i dtaca le táirgí de chuid na hAirméine

Glacadh an ghnímh reachtaigh

Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas

RÁITEAS ÓN UNGÁIR

‘Is díol sásaimh don Ungáir iarrachtaí an Aontais Eorpaigh a nasc trádála agus infheistíochta le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus réigiún Chugais, lena n-áirítear an Airméin, a neartú. Aontaímid gur cheart don Aontas dlúthpháirtíocht a léiriú agus tacú leis an Airméin i bhfianaise na staide eacnamaíche deacra atá ann faoi láthair.

Mar sin féin, is oth linn nach ndearnadh aon anailís ná aon mheasúnú tionchair sular tíolacadh an togra. Leis an Rialachán, dhéanfaí léirscaoileadh ar an trádáil a dhéantar i roinnt táirgí torthaí agus glasraí a bhíonn íogair de ghnáth ó thaobh earnáil talmhaíochta na hUngáire de. Bheadh sé tábhachtach sásra faireacháin rialta a bhunú le haghaidh trádáil i ngach táirge íogair, lena n-áirítear cúcamair phróiseáilte, trátaí agus úlla.

Is díol sásaimh dúinn an sásra coimirce a áirítear sa Rialachán lena gceadaítear don Choimisiún aon bheart is gá a fhorchur, i gcás ina ndéanann allmhairiú táirge faoin rialachán dochar do mhargadh an Aontais nó do mhargadh Ballstáit amháin.

Measaimid gur den tábhacht an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa a choinneáil ar an eolas go leanúnach faoi thionchar an rialacháin ar shreafaí trádála agus ar mhargadh an Aontais, agus tacaímid le gealltanais an Choimisiúin chuige sin.’